# Aoischárta - *Fógra do Roinn 2, Ceist 1*




## An tAoischárta Náisiúnta

Cárta "cruthúnas aoise" é an tAoischárta Náisiúnta. Is féidir le daoine atá 18 mbliana nó os a chionn iarratas a dhéanamh ar aoischárta chun a léiriú go bhfuil an aois dlíthiúil chun alchól a cheannach bainte amach acu.

**Taispeánann an tAoischárta Náisiúnta:**

- D'ainm
- Do dháta breithe
- Grianghraf díot féin
- Gnéithe slándála a bhaineann le hábhar

Ní cárta aitheantais é an tAoischárta Náisiúnta. Is é an t-aon fheidhm atá leis ná a léiriú go bhfuil an sealbhóir 18 mbliana nó os a chionn agus ní cóir é a fháil ná é a úsáid ar aon chúis eile. Foráiltear do scéim dheonach an Aoischárta Náisiúnta sna Rialacháin faoin Acht Deochanna Meisciúla, 1988 (Aoischárta) 2010.

1. Déan iarratas ag www.agecard.ie, agus íoc an táille €10 le cárta Dochair / Creidmheasa nó le dearbhán Aoischárta.

2. Gheobhaidh tú Foirm Iarratas, leis na sonraí a chuir tú isteach i gcló uirthi sa phost ó na clódóiri, laistigh de 3 lá oibre de ghnáth.


3. Tabhair an Fhoirm Iarratais chuig Stáisiúin na nGardaí i do cheantar féin le go ndéanfar fíordheimhniú uirthi - beidh grianghraf agus cruthúnas aitheantais ag teastáil.



4. Seolfar an Fhoirm Iarratais fhíordheimhnithe agus an grianghraf ó Stáisiúin na nGhardaí chuig na clódóirí.



5. Gheobhaidh tú d'Aoischárta sa phost ó na clódóirí, laistigh de 10 lá oibre de ghnáth i ndiaidh na fhíordheimhnithe.






Cumann Siopaí Carthanachta na hÉireann

Cuardaigh an siopa is cóngaraí duit anseo | Cuardaigh Siopaí

Tá carthanais dhlisteanacha a reáchtálann siopaí carthanachta in Éirinn ag brath go mór ar an bpobal chun éadaí, leabhair, bróga, gréibhlí agus línéadach tí a bhronnadh orthu.

Díoltar na hearraí sin ansin chun airgead a bhailiú a úsáidtear chun íoc as na seirbhísí a bhfuil géarghá leo a chuireann na carthanais ar fáil.

## Bailiúcháin ó Dhoras go Doras

Cuireann ceannaithe éadaí bileoga, málaí agus greamáin trí bhoscaí litreach ag iarraidh go mbronnfaí éadaí, bróga, línéadach, leabhair, etc. ar bhailiúcháin ó dhoras go doras.

Tá amhras ar bhaill den phobal agus ar na meáin chumarsáide an ar mhaithe leis an gcarthanacht amháin a dhéantar na bailiúcháin seo ó dhoras go doras. Is mian le formhór na ndaoine a bhronnann earraí tacú le carthanacht dhlisteanach. Tugtar le fios den phobal gur mar mhaithe leis an gcarthanacht a chaitear an t-airgead a dhéanann ceannaithe éadaí nuair a dhíolann said na hearraí, ach is minic nach ea.

Mura bhfuil tú cinnte gur ó charthanas aitheanta a thagann mála nó lipéad, is féidir leat:

- Na hearraí atá agat le bronnadh a thabhairt go dtí siopa carthanachta atá cóngarach duit
- Fanacht go dtí go dtugann carthanas a aithníonn tú mála bailiúcháin chuig doras do thí
- Dul i dteagmháil leis an gcarthanas ar mian leat tacaíocht a thabhairt dó agus a fhiafraí conas is féidir leat tabhartas a dhéanamh.

Comhairle Náisiúnta na nÓg

VÓTÁIL AG 16

Faoin bhFeachtas Nuacht Bí Gníomhach Déan Teagmháil Linn

AOIS NUA VÓTÁLA




# CÚISEANNA LEIS AN AOIS VÓTÁLA A ÍSLIÚ

1. Má thugtar cearta vótála do dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois beidh tionchar acu sa stát daonlathach seo againne agus beidh siad páirteach i gcinneadh thodhchaí a bpobail áitiúil agus na sochaí trí chéile.

2. Is iad na daoine óga féin is fearr a dhéanfadh moltaí agus a thabharfadh eolas faoi chinntí a bhaineann go díreach leo; ceann de na slite is fear ar féidir le saoránach ar bith tionchar a imirt ar a dtarlaíonn go háitiúil agus go náisiúnta ná vóta a chaitheamh.

3. Creideann CNÓ más féidir le duine atá 16 nó 17 mbliana d'aois an scoil a fhágáil, fostaíocht lánaimseartha a lorg, cáin a íoc nó a bheith faoi choimeád in ionad coinneála, nach bhfuil aon chúis ann nach mbeadh cead acu vóta a chaitheamh.




4. Tá daoine óga an lae inniu níos eolaí mar déanann siad ábhair cosúil mar an tOideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil ar scoil. Ina theannta sin, tá teacht ag daoine óga sa lá atá inniu ann ar réimse leathan meán, an t-idirlíon ina measc, ónar féidir leo eolas a fháil agus inar féidir leo a bheith páirteach sa phlé ar cheisteanna agus ar an bpolaitíocht.

5. Tá fadhb mhór ag baint leis an gcóras clárúcháin vótála i láthair na huaire. Tá suas le 25% de na daoine óga idir 18-25 nach bhfuil cláraithe chun vóta a chaitheamh mar tá an baile fágtha acu chun freastal ar an gcoláiste, chun dul faoi oiliúint nó chun dul ag obair. Ar an taobh eile den scéal, formhór na ndaoine óga atá 16 bliana d'aois, bíonn siad ag dul ar scoil agus dá bhrí sin, bheadh sé éasca iad a chur ar chlár na dtoghthóirí.

6. Táthar an teagasc daoine óga mar gheall ar an daonlathas agus ar an rannpháirtíocht ar scoil í gcúrsaí mar an tOideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil; is dóigh linne gur chóir go mbeadh seans acu páirt a ghlacadh ann freisin trí vóta a chaitheamh.




# Tabhair do cheallraí ídithe ar ais chun iad a athchúrsáil saor in aisce!

## » Conas?

Bailigh ceallraí ídithe sa bhaile, ar scoil nó i d'ionad oibre agus stóráil iad i mbosca ceallraí nó i gcoimeádán dá leithéid in áit ghlan, thirim amach ó fhoinsí díreacha teasa.

Tabhair go dtí ionad bailithe in aice leat iad, áit a dtógfar iad chun iad a athchúrsáil.

## An raibh a fhios agat gur féidir ceallraí iniompartha ídithe a athchúrsáil saor in aisce?

### » Cén fáth?

Is féidir go mbeadh ceimiceáin agus miotail throma i gceallraí ar gá cóireáil speisialta a dhéanamh orthu i ndeireadh a saolré chun a chinntiú nach ndéanfaidh siad an timpeallacht a thruailliú.

Ina theannta sin, tá acmhainní tábhachta miotail iontu is féidir a úsáid arís sa tionsclaíocht agus sa déantúsaíocht. Tá spriocanna dúshlánacha Eorpacha le baint amach ag Éirinn maidir le bailiú agus le hathchúrsáil ceallraí - bí páirteach agus déan do chuid ceallraí ídithe a athchúrsáil inniu.



Lainseáil Íomhánna




### Cá bhfaighidh mé breis eolais?

DTLL Éire

CEA Éire



## » Cén cineál?

Is féidir gach sórt ceallra iniompartha ídithe a thabhairt chun iad a athchúrsáil saor in aisce mar chuid den tionscnamh seo e.g. cineálacha AA, AAA, C agus D agus ceallraí cnapchille.

## » Cén áit?

Bí ag faire amach do bhoscaí speisialta bailithe ceallraí in Ionaid Athchúrsála, i siopaí na miondíoltóirí a dhíolann ceallraí mar seo agus ag ócáidí speisialta bailithe DTTL ar fud na tíre.